

Seachtain Eorpach an Spóirt



Eochairfhocail: Eorpach, lúthchleasaíocht, rásaí tras-tíre, daoine úra

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cad is ainm don scoil atá ag glacadh páirte i Seachtain Eorpach an Spóirt?
2. Cén fáth a dtaitníonn an spórt le Hollie?
3. Cén t-imeacht a nglacfaidh páistí Scoil Mhuire páirt ann mar chuid de Sheachtain Eorpach an Spóirt?
4. Breac síos dhá spórt a mbainfidh daltaí scoile na hEorpa triail astu i rith Sheachtain Eorpach an Spóirt.

Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat an focal ceart a roghnú chun na habairtí seo a scríobh i gceart?

- Tá sé go maith do shláinte an duine páirt a ghlacadh sa spóirt/sport/spórt.
- Tugann an spórt deis do dhaoine bualadh leis/le/leo daoine nua.
- Tá Seachtain Eorpach an Spóirt ar siúl/súil/siul an tseachtain seo ar fud na hEorpa.
- Baineann daltaí scoile timpeall na hEorpa an-thaitneamh/an-taitnimh/an-taitneamh go deo as an tseachtain seo gach bliain.
- Tá Scoil Mhuire sna Doirí Beaga suite i Dún na nGall/nDún na nGall/Dún na Gall



Seachtain Eorpach an Spóirt



Freagraí

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Scoil Mhuire, na Dóirí Beaga
2. Is féidir bualadh le daoine nua agus cairde tríd an spórt
3. Rásaí tras-tíre
4. Peil Ghaelach, sacar, lúthchleasaíocht agus cluichí spráíúla eile

Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat an focal ceart a roghnú chun na habairtí seo a scríobh i gceart?

1. Spórt
2. Le
3. Ar siúl
4. An-taitneamh
5. I nDún na nGall

